Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Márta 2024**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0053(NLE)**

**7450/24**
**ADD 3**

**AELE 16**
**EEE 10**
**ISL 9**
**N 17**
**FL 11**
**PECHE 98**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 4 Márta 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 96 final ANNEX 3 |
| Ábhar: | Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, an Íoslainn, Prionsacht Lichtinstéin agus Ríocht na hIorua maidir le Sásra Airgeadais LEE le haghaidh na tréimhse Bealtaine 2021 - Aibreán 2028, an Comhaontú idir Ríocht na hIorua agus an tAontas Eorpach maidir le Sásra Airgeadais na hIorua le haghaidh na tréimhse Bealtaine 2021 - Aibreán 2028, an Prótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua agus an Prótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Íoslainn |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 96 final ANNEX 3.

---

Faoi iamh: COM(2024) 96 final ANNEX 3

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.3.2024
COM(2024) 96 final

ANNEX 3

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, an Íoslainn, Prionsacht Lichtinstéin agus Ríocht na hIorua maidir le Sásra Airgeadais LEE le haghaidh na tréimhse Bealtaine 2021 - Aibreán 2028, an Comhaontú idir Ríocht na hIorua agus an tAontas Eorpach maidir le Sásra Airgeadais na hIorua le haghaidh na tréimhse Bealtaine 2021 - Aibreán 2028, an Prótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua agus an Prótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Íoslainn**

## CEANGALTÁN III

## PRÓTACAL BREISE A GHABHANN LEIS AN gCOMHAONTÚ IDIR COMHPHOBAL EACNAMAÍOCHTA NA hEORPA AGUS POBLACHT NA hÍOSLAINNE

TÁ AN tAONTAS EORPACH

agus

AN ÍOSLAINN

AG FÉACHAINT don Chomhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht na hÍoslainne a síníodh an 22 Iúil 1972, agus do na socruithe atá ann cheana le haghaidh trádáil in iasc agus i dtáirgí iascaigh idir an Íoslainn agus an Comhphobal,

AG FÉACHAINT don Phrótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Íoslainn maidir le forálacha speisialta is infheidhme le haghaidh na tréimhse 2014- 2021 maidir le hallmhairí éisc agus táirgí iascaigh áirithe isteach san Aontas, agus go háirithe d'Airteagal 1 den Phrótacal sin,

TAR ÉIS A CHINNEADH AN PRÓTACAL SEO A THABHAIRT I gCRÍCH:

AIRTEAGAL 1

1. Leagtar síos sa Phrótacal seo agus san Iarscríbhinn a ghabhann leis na forálacha speisialta is infheidhme maidir le hallmhairí éisc agus táirgí iascaigh áirithe de thionscnamh na hÍoslainne isteach san Aontas Eorpach. Leagtar amach na taraif- chuótaí bliantúla saor ó dhleacht san Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal seo. Beidh feidhm ag na taraif- chuótaí sin ón lá a bheidh éifeacht le cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail seo, de réir na nósanna imeachta a leagtar síos i mír 3 d'Airteagal 4, go dtí an 30 Aibreán 2028.

2. Ag deireadh na tréimhse sin, déanfaidh na Páirtithe Conarthacha measúnú ar an ngá a bheadh ann na forálacha speisialta dá dtagraítear i mír 1 a choinneáil ar bun, agus, más gá, déanfaidh siad athbhreithniú ar leibhéal na gcuótaí agus na leasanna ábhartha uile á gcur san áireamh an tráth céanna.

AIRTEAGAL 2

1. Cuirfear tús leis na taraif- chuótaí an lá a bheidh éifeacht le cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail seo, de réir na nósanna imeachta a leagtar síos i mír 3 d'Airteagal 4.

2. Leagtar amach méideanna na dtaraif- chuótaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal seo. Beidh an chéad taraif- chuóta ar fáil ó dháta chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail seo go dtí an 30 Aibreán 2024. Ón 1 Bealtaine 2024 ar aghaidh, leithdháilfear taraif- chuótaí ina dhiaidh sin go bliantúil ón 1 Bealtaine go dtí an 30 Aibreán go dtí deireadh na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 1 den Phrótacal seo.

3. Maidir le méideanna na dtaraif- chuótaí lena gcumhdaítear an tréimhse ón 1 Bealtaine 2021 go dtí go gcuirfear an Prótacal seo i bhfeidhm go sealadach, déanfar iad a leithdháileadh go comhréireach agus a chur ar fáil don chuid eile den tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 1 den Phrótacal seo.

4. I gcás nach n- ídeofar na taraif- chuótaí dá dtagraítear in Airteagal 1 le linn na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 1, agus i gcás nach gcuirfear i bhfeidhm go sealadach prótacal ina dhiaidh sin lena mbunaítear taraif- chuótaí saor ó dhleacht le haghaidh na dtáirgí céanna, féadfar allmhairí ón Íoslainn a dhéanamh le haghaidh an mhéid cuótaí comhiomlánaithe atá fágtha de na taraif- chuótaí sin suas le 2 bhliain tar éis dheireadh na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 1, ach ní féidir sin a dhéanamh ar feadh tréimhse níos faide ná tréimhse cur i bhfeidhm sealadach prótacail ina dhiaidh sin lena mbunaítear taraif- chuótaí saor ó dhleacht i gcás na dtáirgí céanna.

AIRTEAGAL 3

Is iad na rialacha tionscnaimh is infheidhme maidir leis na taraif- chuótaí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal seo na rialacha a leagtar amach i bPrótacal 3 a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Íoslainn a síníodh an 22 Iúil 1972.

AIRTEAGAL 4

1. Déanfaidh na Páirtithe an Prótacal seo a dhaingniú nó a fhormheas i gcomhréir lena nósanna imeachta féin. Taiscfear na hionstraimí daingniúcháin nó formheasa le hArdrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

2. Tiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm an chéad lá den dara mí tar éis thaisceadh na hionstraime daingniúcháin nó formheasa deiridh.

3. Go dtí go gcríochnófar na nósanna imeachta dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, cuirfear an Prótacal seo i bhfeidhm ar bhonn sealadach ón gcéad lá den tríú mí tar éis thaisceadh an fhógra deiridh chuige sin.

AIRTEAGAL 5

Dréachtaíodh an Comhaontú seo i scríbhinn bhunaidh amháin sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa tSeicis, sa Danmhairgis, san Ollainnis, sa Bhéarla, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Ungáiris, san Iodáilis, sa Ghaeilge, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSlóvaicis, sa tSlóivéinis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Íoslainnis, agus na téacsanna i ngach ceann de na teangacha sin den bharántúlacht chéanna, taiscfear é le hArdrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus cuirfidh sí sin cóip dhílis dheimhnithe chuig gach ceann de na Páirtithe.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an.... 2024.

Thar ceann an Aontais Eorpaigh

Thar ceann Phoblacht na hÍoslainne

## IARSCRÍBHINN

FORÁLACHA SPEISIALTA DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 1 DEN PHRÓTACAL

De bhreis ar na taraif- chuótaí buana saor ó dhleacht atá ann cheana, osclóidh an tAontas Eorpach na taraif- chuótaí bliantúla saor ó dhleacht seo a leanas le haghaidh táirgí de thionscnamh na hÍoslainne:

| Cód AC | Tuairisc ar tháirgí | Méid bliantúil an taraif- chuóta (1.5- 30.4) ina ghlanmheáchan mura sonraítear a mhalairt [1] |
|---|---|---|
| 0303 51 00 | Scadáin reoite 'clupea harengus, clupea pallasii'[2] | 400 tona |
| 0306 51 00 | Gliomaigh reoite na hIorua 'nephrops norvegicus', fiú deataithe, bídís sa bhlaosc nó ná bídís, lena n- áirítear gliomaigh sa bhlaosc, iad cócaráilte trína ngalú nó trína mbeiriú in uisce | 100 tona |
| 0304 49 50 | Filléid úra nó fhuaraithe péirsí mara 'sebastes spp.' | 2 500 tona |
| 1604 19 92<br>1604 20 90 | Ullmhóidí de throisc agus éisc eile | 2 000 tona |
| <br>0302 23 00<br>0302 24 00<br>0302 29<br><br>Ex 0302 59 90<br><br><br>0302 82 00<br>0302 89 50 | Úr nó fuaraithe<br>Sóil (Solea spp.),<br>Turbaird (Psetta maxima),<br>Scoilteáin (Lepidorhombus spp.) agus leathóga eile, seachas filléid éisc agus feoil eile éisc,<br>Éisc de na finte bregmacerotidae, euchlichthyidae, gadidae, macrouridae, melanonidae, merlucciidae, moridae agus muraenolepididae,<br>Roic (Rajidae),<br>Láimhínigh (Lophius spp.), | 5 500 tona |

[1] Cuirfear cainníochtaí leis i gcomhréir le hAirteagal 2 mír 3 den Phrótacal seo.

[2] Ní dheonófar tairbhe an taraife- chuóta d'earraí arna ndearbhú lena scaoileadh i saorchúrsaíocht le linn na tréimhse ón 15 Feabhra go dtí an 15 Meitheamh.

| Cód AC | Tuairisc ar tháirgí | Méid bliantúil an taraif- chuóta (1.5- 30.4) ina ghlanmheáchan mura sonraítear a mhalairt [1] |
|---|---|---|
| 0302 89 90<br>0302 32 00<br>0303 39 85<br>Ex 0303 59 90<br>Ex 0303 69 90<br>0303 82 00<br>0303 89 90<br>0303 99 00<br>03 04 43 00<br>Ex 0304 44 90<br>0304 46<br>0304 49 10<br>0304 49 90<br>0304 95 10 | Éisc úra nó fhuaraithe eile, nach bhfuil sonraithe aon áit eile<br>Leathóga ballacha reoite (Pleuronectes platessa)<br>Leathóga reoite<br>Ronnaigh Indiacha reoite<br>Éisc reoite de na finte bregmacerotidae, euchlichthyidae, gadidae, macrouridae, melanonidae, merlucciidae, moridae agus muraenolepididae<br>Roic reoite (Rajidae)<br>Éisc reoite,nach bhfuil sonraithe aon áit eile<br>Eití, cinn, eireabaill, lamhnáin snámha agus scairteach eile éisc reoite inite<br>Filléid úra nó fhuaraithe d'éisc leathógacha (Pleuronectidae, Bothidae, Cynoglossidae, Soleidae, Scophthalmidae agus Citharidae)<br>Filléid úra nó fhuaraithe ó éisc de na finte bregmacerotdae, euchlichthyidae, gadidae, macrouridae, melanonidae, merlucciidae, moridae agus muraenolepididae<br>Filléid úra nó fhuaraithe de dhéadéisc<br>Filléid úra nó fhuaraithe d'éisc fionnuisce<br>Filléid úra nó fhuaraithe ó éisc eile, nach bhfuil sonraithe aon áit eile<br>Suiréime reoite | |
| 0305 39 10<br>0305 42 00<br>0305 69 50<br>0305 41 00 | Filléid de bhradán, iad saillte nó faoi sháile, ach gan a bheith deataithe<br>Scadáin dheataithe<br>Na bradáin sin amháin atá saillte nó faoi sháile<br>Bradáin dheataithe, lena n- áirítear filléid | 50 tona |

| Cód AC | Tuairisc ar tháirgí | Méid bliantúil an taraif- chuóta (1.5- 30.4) ina ghlanmheáchan mura sonraítear a mhalairt [1] |
|---|---|---|
| 0305 72 00 | Cinn éisc, eireabaill éisc agus lamhnáin snámha éisc, iad deataithe, triomaithe, saillte nó faoi sháile | 1 950 tona |
| 0305 79 00 | Eití éisc agus scairteach éisc eile inite, iad deataithe, triomaithe, saillte nó faoi sháile | |
| 0305 43 00 | Bric dheataithe (Salmo trutta, Oncorhynchus mykiss, Oncorhynchus clarki, Oncorhynchus aguabonita, Oncorhynchus gilae, Oncorhynchus apache agus Oncorhynchus chrysogaster) | |
| 0305 49 80 | Éisc eile atá deataithe | |
| 1604 11 00<br>1604 20 10 | Súmaire cladaigh ullmhaithe nó leasaithe | |
| 1605 62 00 | Cuáin mhara ullmhaithe nó leasaithe | |

| Cód AC | Tuairisc ar tháirgí | Méid bliantúil an taraif- chuóta (1.5- 30.4) ina ghlanmheáchan mura sonraítear a mhalairt [1] |
|---|---|---|
| 0302 22 00 | Leathóga úra nó fuaraithe (‘pleuronectes platessa’) | 2 500 tona |
| 0302 59 20 | Faoitíní úra nó fuaraithe (‘merlangius merlangus’) | |
| 0304 49 10 | Filléid d’éisc fionnuisce, iad úr nó fuaraithe, nach bhfuil sonraithe aon áit eile | |
| 0304 52 00 | Feoil úr nó fhuaraithe Salmainidí, bíodh sí mionaithe nó ná bíodh | |
| 0304 89 10 | Filléid reoite d’éisc fionnuisce, nach bhfuil sonraithe aon áit eile | |
| 0305 69 80 | Na héisc eile sin amháin atá saillte nó faoi sháile | |
| 0304 82 90 | Filléid reoite de bhric ‘salmo trutta, oncorhynchus mykiss, oncorhynchus’ | |
| 0302 59 40 | Langaí ‘molva spp.’ úra nó fuaraithe | |
| 0305 53 90 | Éisc thriomaithe de na finte Bregmacerotidae, Euclichthyidae, Gadidae, Macrouridae, Melanonidae, Merlucciidae, Moridae agus Muraenolepididae, seachas troisc | |
| 0303 14 20<br>0303 14 90 | Bric ‘oncorhynchus mykiss’ atá reoite, a bhfuil na cinn agus na geolbhaigh orthu, iad glanta | |
| 0304 82 10 | Filléid reoite de bhric ‘salmo trutta, oncorhynchus mykiss, oncorhynchus’, filléid reoite de bhric ‘oncorhynchus mykiss’, ar meáchan > 400 gram an ceann | |
| 0302 14 00 | Bradáin úra nó fhuaraithe an Atlantaigh ‘salmo salar’ agus bradáin úra nó fhuaraithe na Danóibe | |
| 0303 13 00 | Bradáin an Atlantaigh ‘salmo salar’ agus bradáin na Danóibe ‘hucho hucho’, iad reoite | |
| 0304 41 00 | Filléid úra nó fhuaraithe de bhradáin an Aigéin Chiúin ‘Oncorhynchus nerka, Oncorhynchus’ | |
| 0304 81 00 | Filléid reoite de bhradáin an Aigéin Chiúin ‘Oncorhynchus nerka, Oncorhynchus’ | |